C/2026/3010

3.6.2026

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12440 — BMWE / BMVG / KFW / GIAT / KNDS)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2026/3010)

1. An 21 Bealtaine 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Kreditanstalt für Wiederaufbau ('KfW', an Ghearmáin), faoi úinéireacht Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Stáit Chónaidhme na Gearmáine, agus, i gcás an idirbhirt atá beartaithe, ag gníomhú ar bhonn Sainordú Cónaidhme Speisialta thar ceann Aireacht na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Fuinneamh ('BMWE') atá le feidhmiú le comhthoiliú Aireacht Chónaidhme na Gearmáine um an gCosaint ('BMVg'),

— GIAT Industries S.A.S. ('GIAT', an Fhrainc), faoi rialú deiridh Stát na Fraince,

— KNDS N.V. ('KNDS', an Ísiltír), faoi rialú comhpháirteach GIAT agus Wegmann & Co. GmbH (an Ghearmáin) faoi láthair.

Gheobhaidh BMWE agus BMVg trí KfW agus GIAT rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar KNDS.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is é KfW banc náisiúnta na Gearmáine le haghaidh spreagadh, agus díríonn sé ar fheabhsú dálaí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a chur chun cinn sa Ghearmáin. Is aireachtaí cónaidhme de chuid na Gearmáine iad BMWE agus BMVg,

— Is cuideachta sealbhaíochta é GIAT atá faoi úinéireacht deiridh Stát na Fraince.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais KNDS: forbairt agus monarú punann táirgí amhail feithiclí rothacha ardchosanta, córais frith-aerárthaí, córais airtléire, príomhthancanna catha, feithiclí troda coisithe agus córais déanta droichid.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12440 — BMWE / BMVG / KFW / GIAT / KNDS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË